Blianta **6 & 7**

Curaclam
Thuaisceart Éireann

Dobháite
Aonad Téamach

Clár Ábhair

Ábhar an Aonaid Théamaigh seo 1

Roinn 01
Scéal an Titanic

Gníomhaíocht a hAon	Cén tEolas atá ag Cén Duine?	5
Gníomhaíocht a Dó	Foinsí Dobháite	6
Gníomháiocht a Trí	Tuairimí Dobháite	7
Gníomhaíocht a Ceathair	Cé atá ar Bord?	9
Gníomhaíocht a Cúig	Cúrsa á Bhreacadh	10
Gníomhaíocht a Sé	Oidhreacht an Titanic	11
Gníomhaíocht a Seacht	Cnoc Oighir Amach Romhainn!	12

Roinn 02
Dobháite?

Gníomhaíocht a hOcht	Rudaí Inbháite á sainaithint	15
Gníomhaíocht a Naoi	Ar Snámh Thart	16
Gníomhaíocht a Deich	Torthaí Ar Snámh	17
Gníomhaíocht a hAon Déag	Dúshlán Coimeádáin	18
Gníomhaíocht a Dó Dhéag	Ar Snámh ar an Mhuir Mharbh	19
Gníomhaíocht a Trí Déag	Dúshlán Mór na Raftaí	21

Roinn 03
An Fhoghlaim á Nascadh

Na hEalaíona	24
Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint	25
Corpoideachas	27
Matamaitic agus Uimhearthacht	28
Teanga agus Litearthacht	29

Áiseanna 31

Aitheantas

Ba mhaith le CCMS aitheantas a thabhairt do Anne McErlane as Bunscoil Mount St. Michael, Baile Raghnaill, a d'fhorbair an tAonad Téamach seo. Gabhtar buíochas le foireann agus le daltaí Bhunscoil Elmgrove, Béal Feirste as cead a thabhairt grianghraif daltaí a úsáid. Gabhtar buíochas fosta le Páirc Eolaíochta Bhéal Feirste agus leis an Cheathrú Titanic as cead a thabhairt grianghraif a thógáil ar suíomh. Go raibh maith ag Primary UpD8 as cead a thabhairt íomhánna a phriontáil ar leathanach 12.

Ábhar an Aonaid Théamaigh seo

San Aonad Téamach seo, fiosróidh páistí tubaiste an Titanic, lena n-áirítear na fíricí, na tuairimí agus na finscéalta a bhaineann leis an scéal buanábhartha clúiteach seo. Fiosróidh siad an dóigh a bhfuil a hoidhreacht 'dobháite' sa lá atá inniu ann agus an dóigh a gcaomhnófar í san am atá le teacht.

Tugtar dúshlán na bpáistí tuairimí a fhorbairt agus a chur in iúl agus cinntí a dhéanamh, cáilíochtaí daoine eile a fhiosrú agus measúnuithe machnaithe ciallmhara a dhéanamh.

Cuireann an dara roinn den Aonad ar chumas na bpáistí snámh agus bá a fhiosrú. Beidh deiseanna acu rudaí a phleánáil, a réamhaithris, a chur i bhfeidhm, a thaifeadadh agus tátail a bhaint atá bunaithe ar líon gníomhaíochtaí suimiúla dúshlánacha.

Léiríonn "Dobháite" dóigh amháin le foghlaim a imeascadh trasna na dtrí ghné chomhpháirteacha de Stair, Tíreolaíocht agus Eolaíocht agus Teicneolaíocht taobh istigh de Domhan Thart Orainn. Taispeánann sé fosta an dóigh a bhfuil comhghaol idir na codanna éagsúla den Domhan Thart Orainn. Is téama é "Dobháite" a d'eascraigh as ábhar atá inaitheanta i gcuid mhór scoileanna cheana féin, An Titanic. Ba é seo an spreagadh agus an túsphointe le cur chuige téamach a fhorbairt taobh istigh den Domhan Thart Orainn.

Cén Dóigh a dTacaíonn an tAonad Téamach Seo Le Curaclam Thuaisceart Éireann?

Riachtanais Reachtúla	
Idirspleáchas	Idirspleáchas idir daoine agus an timpeallacht agus an dóigh ar cuireadh luas faoi seo le himeacht aimsire mar gheall ar dhul chun cinn i gcúrsaí iompair agus cumarsáide.
Gluaiseacht agus Fuinneamh	Athruithe ar ghluaiseacht agus ar fhuinneamh le himeacht aimsire.
Áit	Athrú le himeacht aimsire ar áiteanna.
Athrú le hImeacht Aimsire	Dóigheanna a dtarlaíonn athrú thar thréimsí gearra agus thar thréimhsí fada ama sa domhan fisiceach agus sa domhan nádúrtha.

Gnéithe Comhpháirteacha	Stair; Tíreolaíocht; agus Eolaíocht agus Teicneolaíocht.
Fócas	Stair.
Scileanna Smaointeoireachta (SS) agus Ábaltachtaí Pearsanta (AP)	Díríonn an tAonad Téamach seo ar Smaointeoireacht, ar Fhadhbréiteach agus ar Chinnteoireacht.

Scileanna Traschuraclaim	• An áit ar cuí é, tá comharthaí le spriocanna foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim. Is iad na scileanna traschuraclaim seo:
	  • Cumarsáid (Cum);
	  • Úsáid Matamaitice (ÚMata); agus
	  • Úsáid TFC (ÚTFC).

Roinn

Scéal an Titanic

01

Gníomhaíocht a hAon
Cén tEolas atá ag Cén Duine?

Cén t-eolas atá againn cheana féin ar an Titanic?

Cad é ba mhaith linn a fhoghlaim faoin Titanic?

Spriocanna Molta Foghlama

Déanfaidh páistí na rudaí seo a leanas:

- tuigfidh siad an tionchar, ar bhonn domhanda, a bhí ag roinnt imeachtaí daonna san am a chuaigh thart;
- beidh baint ábhartha acu le díospóireachtaí (Cum);
- cuirfidh siad ceisteanna is doimhne agus is leithne le fiosrúchán stairiúil a struchtúrú (SS&AP); agus
- úsáidfidh siad straitéisí éagsúla le comhoibriú chun teanga stairiúil a fhorbairt agus a úsáid (SS&AP).

Gníomhaíochtaí Molta Foghlama agus Teagaisc

Roinn an cheannlíne seo a leanas leis an rang:

BÁDH AN TITANIC: NA CÉADTA CAILLTE.

Roinn an rang ina gceithre ghrúpa. Tabhair marcóir dar dath difriúil do gach grúpa. Cuir leathán mór páipéir i ngach cúinne den seomra. Bíodh teideal acu seo a leanas ar gach leathán páipéir:

Titanic – Áiteanna
Titanic – Daoine
Titanic – Fíricí
Titanic – Aon Rud Eile

Abair leis na grúpaí an t-eolas atá acu cheana féin a phlé agus a thaifeadadh ar na leatháin faoi gach teideal.
Úsáid na leatháin chomhlánaithe:

- leis an eolas atá ag na páistí cheana féin a chur le chéile;
- leis an eolas a scagadh le rudaí míchearta nó neamhábhartha a bhaint amach; agus
- le heolas fíorasach agus eolas ficseanúil a shainaithint (tá a lán páistí eolach ar an scannán 'Titanic' agus mar sin de is féidir go gcuirfidh siad carachtair fhicseanúla san áireamh).

Cuir tús le díospóireacht lena fháil amach cad é ba mhaith leis na páistí a fhoghlaim faoin Titanic. Féadtar faisnéis ó leatháin chomhlánaithe a chur ar taispeáint sa seomra ranga ar eangach **KWL***.

* Féach Foghlaim Gníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc le haghaidh Eochairchéimeanna 1 & 2.

Ar na ceisteanna a ndéanfaí staidéar orthu tá:

Áiteanna
Cá háit ar tógadh an Titanic?
Cá raibh sí ag dul?

Daoine
Cé a thóg an Titanic?
Cé a sheol ar an Titanic?
Ar tháinig daoine slán as an Titanic?

Fíricí
Cén uair a sheol an Titanic?
Cá fhad a thóg sé ar an Titanic dul go tóin poill?
Cén dóigh ar tuairiscíodh an scéal?
An dtig liom fíricí agus tuairimí faoin Titanic a idirdhealú óna chéile?

Aon rud eile
Cad é is cnoc oighir ann?
Cén cineál siamsaíochta a cuireadh ar fáil ar an Titanic?
An ndearnadh aon iarracht cuidiú leis na daoine ar an Titanic?
Cén chuma a bhí ar an long?
Cad é mar a rachadh imeachtaí ar an Titanic i bhfeidhm orthu siúd a bhí ar bord?

Nótáil:
Ní liosta iomlán é seo agus is féidir cur leis de réir mar a shainaithníonn an múinteoir agus an rang foghlaim ábhartha. Déantar gnéithe áirithe sa téama seo.

Gníomhaíocht a Dó
Foinsí Dobháite

Cén dóigh a bhfuair daoine amach faoi Thubaiste an Titanic?

Cén dóigh a dtig linn fáil amach faoi Thubaiste an Titanic?

Cén dóigh ar féidir linn faisnéis a aimsiú leis na ceisteanna a chuirimid orainn féin a fhreagairt?

Spriocanna Molta Foghlama

Déanfaidh páistí na rudaí seo a leanas:

- foghlaimeoidh siad an dóigh a ndeachaigh forbairtí sa chumarsáid i bhfeidhm ar an domhan;
- úsáidfidh siad struchtúr cuí agus teanga chuí le tuairisc a scríobh (Cum);
- cruthóidh siad comhaid fuaime/íomhá ghluaiste, ag léiriú tuisceana ar spriocghrúpa (ÚTFC); agus
- déanfaidh siad comparáid agus codarsnacht ar an dóigh ar athraigh rudaí le ham (SS&AP)

Gníomhaíochtaí Molta Foghlama agus Teagaisc

Aimsigh an físeán seo a leanas, ó shuíomh gréasáin The Times, a chuireann síos ar an dóigh ar thuairiscigh The Times bá an Titanic:

Téigh chuig www.timesonline.co.uk. Déan nascleanúint go dtí roinn na cartlainne mar a bhfaighfear faisnéis ar bhá an Titanic san fhoroinn ar thubaistí. Taispeáin an físeán gearr (2:20 nóim) don rang.

Pléigh leis an rang an dóigh ar tuairiscíodh tubaiste an Titanic. Meas na fáthanna ar cruthaíodh ar ball go raibh cuid den fhaisnéis luath mícheart. Pléigh an dóigh ar taifeadadh faisnéis agus scéala in 1912. Iarr ar dhaltaí moltaí a chur chun cinn lena mhíniú cén dóigh a rachadh na tuairiscí nuachta trína chéile.

Tarraing amlíne de na tuairiscí. Déan taighde ar an teicneolaíocht sa Titanic leis an tubaiste a thuairisciú.

Mar chomparáid, déan scéal nuachta reatha a phlé leis an rang. Fiosraigh an dóigh a mbailítear, a dtaifeadtar agus a dtuairiscítear faisnéis inniu.

Fiafraigh den rang cé na teichneolaíochtaí nua a éascaíonn bailiú nuachta.

Fiosraigh an teicneolaíocht atá i longa an lae inniu, ag díriú ar an trealamh a chuidíonn le longa tubaistí a sheachaint nó a thuairisciú.

Iarr ar an rang leabhair agus an tIdirlíon a úsáid le tuilleadh tuairiscí ar thubaiste an Titanic a aimsiú agus a léamh.

Cruthaigh liosta d'fhaisnéis mhíchruinn a tugadh i dtuairiscí na haimsire sin. Meas, mar rang, na fadhbanna a bheadh ann mar gheall ar fhaisnéis mhíchruinn a bheith á scaoileadh faoin Titanic. Pléigh cé na daoine a rachadh an fhaisnéis mhíchruinn i bhfeidhm orthu agus an dóigh a mothódh siad.

Roinn an rang ina ngrúpaí beaga agus na torthaí ón taighde in úsáid agaibh, scríobh critéir ratha le haghaidh tuairisc rathúil nuachta. Spreag iad leis na critéir ratha seo a úsáid le tuairiscí cruinne nuachta a chruthú, lena n-áirítear scríobh scripteanna agus craoltaí gearra. Ba chóir 'Nuacht Úrnua 15/04/1912' a chur mar cheannteideal ar an tuairisc. Taifead iad seo go digiteach mar thuairisc raidió nó theilifíse. Ba chóir go mbeadh deis ag gach grúpa piarmheasúnú a dhéanamh ar thuairiscí nuachta a chéile in éadan na gcritéar ratha.

Gníomhaíocht a Trí
Tuairimí Dobháite

Cad chuige ar chreid daoine go raibh an Titanic dobháite?

Cad é an difear idir fíric agus tuairim?

Spriocanna Molta Foghlama

Déanfaidh páistí na rudaí seo a leanas:

- foghlaimeoidh siad an dóigh a ndeachaigh forbairtí sa teicneolaíocht i bhfeidhm ar shaol an lae inniu agus ar an saol a bhí ann fadó;
- úsáidfidh siad struchtúr cuí agus teanga chuí le tuairisc nuachtáin a scríobh (Cum);
- aimseoidh siad agus roghnóidh siad faisnéis as réimse d'fhoinsí digiteacha (ÚTFC); agus
- measfaidh siad a úsáidí agus a iontaofa atá gach foinse faisnéise a bhaineann leis an fhiosrúchán le hidirdhealú a dhéanamh idir fíric agus tuairim (SS&AP).

Gníomhaíochtaí Molta Foghlama agus Teagaisc

Taispeáin an ráiteas seo a leanas, a baineadh as tuairisc in The Times, 16 Aibreán 1912, don rang:

Rinneadh gach rud le go mbeadh an t-ollsoitheach dobháite, agus chreid na húinéirí gurbh amhlaidh a bhí.

Pléigh ciall an téarma 'finscéal' agus meas an dóigh arbh fhinscéal é an ráiteas seo a cruthaíodh faoin Titanic.

Meas an dóigh ar mheancóg mhór thragóideach é an ráiteas faoin Titanic a bheith dobháite. Fiosraigh an fáth ar chreid daoine go raibh an long dobháite.

Déan an sliocht seo a leanas a phlé leis an rang:

Dúradh gur mhaígh idir thógálaithe agus úinéirí an Titanic go raibh sí "dobháite". Dáiríre, maíodh go raibh sí "ionann is dobháite" a bhí gar go leor is dócha ach ráiteas mírathúil ina ainneoin sin, agus ráiteas a chráigh idir thógálaí agus úinéir ar feadh na mblianta ina dhiaidh.
Paul Louden-Brown, Titanic: Sinking the Myths
www.bbc.co.uk/history/british/britain_wwone/titanic_01.shtml

Iarr ar dhaltaí a bheith ag obair i ngrúpaí beaga leis an difear idir an focal "dobháite" agus an frása "ionann is dobháite" a mheas. Fiosraigh an fáth ar thuairimí agus nár fíricí iad an dá ráiteas. Úsáid leabhair agus an tIdirlíon le teacht ar thuairiscí a mhíneodh cad chuige ar maíodh a leithéid. Déan liosta de dhaoine ar mhaith leo a chreidiúint go raibh an Titanic dobháite agus cad chuige.

Roinn an rang ina ngrúpaí de cheathrar daltaí. Iarr ar gach grúpa é a mheas, an dóigh a mothódh na grúpaí daoine seo a leanas faoin mhaíomh:

- Daoine a tháinig slán;
- Gaolta na marbh;
- Úinéirí;
- Tógálaithe.

Bain úsáid as teicnící drámaíochta amhail **Fráma Reoite*** le mothúcháin a fhiosrú ó thaobh tuairimí éagsúla de. Níl a fhios ag aon duine go díreach cá has ar tháinig an maíomh go raibh an Titanic dobháite. Tá neart samplaí de rudaí a dúradh agus d'fhoinsí eile a chuireann in iúl go mbeadh sé doiligh an long a bhá. Is féidir taighde a dhéanamh air seo ag an URL seo a leanas: www.historyonthenet.com/titanic/unsinkable.htm

De rogha air sin, cruthaigh ráitis fianaise ón suíomh agus iarr ar an rang é a mheas, cén ráiteas is mó a bhí taobh thiar den fhinscéal go raibh an Titanic dobháite. Bain úsáid as **Rangú Cártaí** nó **Straitéis Rangaithe Diamaint***, agus iarr ar an rang an fhoinse is mó a chuaigh i bhfeidhm orthu a mheas.

Fiosraigh an dóigh a dtosaíonn ráflaí agus a n-athraíonn scéalta trí 'Cogair Shíneacha' a imirt. Cuir teachtaireacht thart timpeall an chiorcail ó pháiste go páiste agus gan cead ag gach páiste an teachtaireacht a thabhairt ach aon uair amháin. Scairteadh an páiste deireanach an teachtaireacht amach agus cuir i gcomparáid leis an chéad teachtaireacht í.

Déan taighde ar an Idirlíon le ráitis a rinne daoine éagsúla faoin Titanic a aimsiú, daoine amhail Bruce Ismay, úinéir a tháinig slán – fiosraigh a dtuairimí ar an tubaiste.

"Tá an preas ag maíomh go bhfuil na longa seo dobháite agus tá Ismay ar thús cadhnaíochta ann. Níl sé seo fíor."

Sin a bhí le rá ag Thomas Andrews, Stiúrthóir Bainistíochta Harland and Wolff agus dearthóir an Titanic.

Iarr ar dhaltaí é a mheas cad chuige ar chóir tuairimí an duine seo a chreidiúint. Spreag páistí le moltaí a chur chun tosaigh ar cad chuige a raibh Ismay, úinéir na loinge, sásta go gcreidfeadh daoine go raibh an Titanic "dobháite".

Iarr ar na páistí taighde a dhéanamh ar na daoine seo ón am a chuaigh thart agus beathaisnéis ghearr a scríobh ar dhuine acu.

Iarr ar dhaltaí ceannlínte bunaidh nuachtán a athscríobh le finscéal an Titanic a bheith "dobháite" a shoiléiriú.

*Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc le haghaidh Eochairchéimeanna 1 & 2

Gníomhaíocht a Ceathair
Cé Atá Ar Bórd?

Cé a sheol ar an Titanic?

Cén dóigh a mbíonn daoine difriúla ag gníomhú sa chás chéanna?

Spriocanna Molta Foghlama

Déanfaidh na páistí na rudaí seo a leanas:

- foghlaimeoidh siad an dóigh a maireadh daoine, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí sa tsochaí;
- cuirfidh siad smaointe agus mothúcháin (ar charachtar) in iúl (Cum);
- iniúchfaidh siad na cinntí atá déanta ag carachtair stairiúla (SS&AP); agus
- beidh páirt acu i rólghlacadh ionsamhalta agus léireoidh siad tuiscint ar an am a chuaigh thart (SS&AP).

Gníomhaíochtaí Molta Foghlama agus Teagaisc

Faigh liostaí na bpaisinéirí ar an Titanic ar an Idirlíon. Iarr ar pháistí taighde a dhéanamh ar thaithí daoine éagsúla ar an Titanic, na difríochtaí, mar shampla, idir lóistín agus bia ar bord agus costas an turais a iniúchadh. Spreag grúpaí daltaí le liosta ceisteanna a chumadh chun agallamh a chur ar phaisinéirí. D'fhéadfaí **Suíochán Te*** a úsáid leis na ceisteanna ansin le machnamh a dhéanamh ar ar tharla do na paisinéirí.

Úsáid an ghníomhaíocht **Fráma Reoite*** lena fhiosrú cad é a bhí ar bun ag na paisinéirí nuair a tháinig scéala isteach go raibh an long ag dul go tóin poill.

Agus iad ag obair ina bpéirí, iarr ar na páistí ainm paisinéara a bhí ar bord na loinge a roghnú. Úsáid an taighde a rinneadh sa téama le próifíl a chruthú dá bpaisinéir Titanic. Úsáid an ghníomhaíocht **Suíochán Te*** le go bhféadann páistí ról a bpaisinéara roghnaithe a ghlacadh, ag cur síos ar an taithí a bhí acu ar an Titanic.

Fiosraigh liostaí an chriú ar an Titanic ar an Idirlíon. Faigh amach cén ról a bhí i gceist le jabanna áirithe ar an liosta. Ba chóir go mbeadh na páistí ag obair ina ngrúpaí chun leabhair agus an tIdirlíon a úsáid lena fháil amach cad é a bhí á dhéanamh ag baill den chriú le cuidiú leis na paisinéirí agus an long ag dul go tóin poill. Lig do na páistí éisteacht le cuntas CH Lightoller, an t-oifigeach is airde céime a tháinig slán as, ina gcuireann sé síos ar an dóigh ar bádh an Titanic. Is féidir an cuntas a aimsiú ag: www.bbc.co.uk/archive/survivorsofthetitanic. Úsáid an cuntas leis na páistí a spreagadh a scéalta féin mar bhall den chriú ar an Titanic a scríobh, ag cur síos ar cad é a rinne siad.

Déan taighde ar cérbh í Molly Brown agus ar an dóigh ar cuireadh "Dobháite" ina leith. Faigh amach cad é a bhí ar bun aici agus an Titanic ag dul go tóin poill agus fiosraigh na cáilíochtaí a léirigh sí agus í ag iarraidh daoine eile a shábháil. Cuir a cuid gníomhartha i gcomparáid agus i gcodarsnacht leo siúd a rinne daoine eile a bhí ar bord, mar shampla, faigh amach faoi Bruce Ismay agus cad é a bhí ar bun aigesean fad a bhí an Titanic ag dul go tóin poill.

Fiosraigh na cáilíochtaí a bhí á léiriú ag Bruce Ismay. Meas na difríochtaí idir na cáilíochtaí a bhí á léiriú ag gach carachtar acu. De rogha air sin, cuir gníomhartha an Chaptaein Smyth nó Thomas Andrews i gcomparáid agus i gcodarsnacht leo siúd a bhí ag Bruce Ismay. Scríobh cáilíochtaí do na fir seo agus dá gcuid gníomhartha.

Iarr ar na páistí sceitsí carachtair a chruthú ar na carachtair is tábhachtaí trí phortráidí a tharraingt agus focail a chur thart timpeall orthu le cur síos ar na cáilíochtaí acu, ag tabhairt fianaise leis na roghanna a chosaint.

* Féach Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc le haghaidh Eochairchéimeanna 1 & 2

Gníomhaíocht a Cúig
Cúrsa á Bhreacadh

Cad iad na céimeanna a bhí beartaithe d'aistear an Titanic?

Spriocanna Molta Foghlama

Déanfaidh na páistí na rudaí seo a leanas:

- beidh a fhios acu cén dóigh ar athraigh cúrsaí iompair le ham;
- beidh siad ábalta formaid dialainne nó chárta poist a úsáid le smaointe a fhorbairt, a léiriú agus a chur i láthair (Cum);
- úsáidfidh siad TFC le taighde a dhéanamh ar eolas, lena roghnú agus lena chur in eagar ó réimse d'fhoinsí digiteacha (ÚTFC);
- úsáidfidh siad cineálacha éagsúla de scríbhneoireacht chruthaitheach le tuiscint ar an am a chuaigh thart a léiriú (SS&AP).

Gníomhaíochtaí Molta Foghlama agus Teagaisc

Cárta poist ó...

Leabhair agus an tIdirlíon in úsáid, déan taighde ar na bailte ar thug an Titanic cuairt orthu nó a beartaíodh go dtabharfadh sí cuairt orthu. (Béal Feirste, Southampton, Cherbourg, Corcaigh, Nua-Eabhrac)

Iarr ar na páistí pictiúr de bhaile amháin acu seo a roghnú agus cárta poist a chruthú le cur síos ar an chuairt ar an bhaile/chalafort sin. De rogha air sin, d'fhéadfadh siad cuntas dialainne a scríobh thar ceann paisinéara a thug cuairt ar cheann de na bailte seo, nó sraith cuntas a scríobh ar an aistear ag cur síos ar an bhealach farraige a tógadh agus ar na rudaí a chonacthas, a chualathas, a bolaíodh, a mothaíodh srl. i ngach calafort ar stop siad ann.

Aimsigh Nua-Eabhrac ar léarscáil Mheiriceá. Déan taighde ar cá fhad ba chóir a thógfadh an t-aistear in 1912. Fiosraigh modhanna taistil go Nua-Eabhrac agus faigh amach cá fhad a thógann an t-aistear sin sa lá atá inniu ann. Úsáid suímh aerlínte nó bróisiúir le modhanna taistil, faid ama agus costais taistil go Nua-Eabhrac a fháil don lá atá inniu ann.

Úsáid TFC le bróisiúr a dhearadh agus a chruthú do na daoine a bhí ag taisteal go Nua-Eabhrac ar an Titanic, ag cur síos ar a mbeadh le feiceáil acu nuair a bhainfeadh siad Nua-Eabhrac amach mar thuarasóirí.

Breac cúrsa an chnoic oighir ar a bhealach chun imbhualadh leis an Titanic. Úsáid inneall cuardaigh lena fháil amach cá háit a mbíonn cnoic oighir sa lá atá inniu ann. Faigh amach cén teicneolaíocht a bhíonn in úsáid ar longa an lae inniu le cnoic oighir a aimsiú agus a sheachaint. Fiosraigh suímh ghréasáin aerlínte nó chomhlachtaí farantóireachta le cúrsaí taistil a bhreacadh ó Thuaisceart Éireann sa lá atá inniu ann.

Gníomhaíocht a Sé
Oidhreacht an Titanic

Cá hait a bhfuil an Cheathrú Titanic?

Cad é a tharla ansin san am a chuaigh thart?

Cad é atá ag tarlú ann anois?

Cén chuma a bheidh ar an Cheathrú Titanic san am atá le teacht?

Spriocanna Molta Foghlama

Déanfaidh na páistí na rudaí seo a leanas:

- foghlaimeoidh siad gur úsáideadh foirgnimh ar chúiseanna éagsúla san am a chuaigh thart;
- beidh siad ábalta faisnéis ábhartha a aimsiú agus í a úsáid de réir mar is cuí (Cum);
- úsáidfidh siad TFC le sonraí a thaifeadadh agus a chur i láthair (ÚMata, ÚTFC); agus
- sainaithneoidh siad agus úsáidfidh siad foinsí cuí le faisnéis a fháil (SS&AP)

Gníomhaíochtaí Molta Foghlama agus Teagaisc

Fiosraigh craenacha Samson agus Goliath ag Harland agus Wolff. Ar na ceisteanna ar féidir taighde a dhéanamh fúthu tá: Cérbh iad Samson agus Goliath? Cad chuige ar tugadh na hainmneacha sin ar na craenacha? Cá huair a tógadh iad? Cad chuige?

Déan taighde ar chéimeanna forbartha agus ar thógáil an Titanic. Cuir amlíne de thógáil an Titanic le chéile.

Déan taighde ar na tionscail i dTuaisceart Éireann a raibh baint acu le tógáil an Titanic. Ar na samplaí tá comhlachtaí áitiúla línéadaigh a sholáthraigh cóir leapa, éadaí tábla agus bogfheisteas don Titanic nó Belfast Ropeworks a rinne téada do Harland & Wolff.

Cuir le chéile liosta oibrithe a raibh baint acu le tógáil agus le feistiú na loinge sa Cheathrú Titanic. Fiosraigh an athfhorbairt atá beartaithe don Cheathrú Titanic. Úsáid Google Earth leis an Cheathrú Titanic a aimsiú ar léarscáil Bhéal Feirste.

Déan staidéar ar na pleananna don Cheathrú Titanic agus do Pháirc Eolaíochta Thuaisceart Éireann mar a bhfuil an duga inar tógadh an Titanic. Fiosraigh an méid atá tógtha sa Cheathrú Titanic agus an t-infrastruchtúr atá ann cheana féin. An t-am a chuaigh thart, cad é mar atá sé caomhnaithe sa cheathrú?

Déan taighde ar an nasc idir an Nomadic agus an Titanic. Cuir liosta ceisteanna le chéile le faisnéis a fháil ar an Nomadic. Ar na ceisteanna bheadh: Cá huair a tógadh í? Cén fheidhm a bhí léi? Cad iad na toisí aici? Cad chuige ar cuid thábhachtach den stair í?

Beartaigh agus tabhair cuairt ar an Cheathrú Titanic agus an Nomadic. Coinnigh taifead digiteach den chuairt agaibh. Cuir an fhoghlaim ar chláir thaispeána sa seomra ranga.

Iniúch na foirgnimh ata tógtha i bPáirc Eolaíochta Thuaisceart Éireann. Na foirgnimh sa Cheathrú Titanic, fiosraigh an dóigh a bhfuil siad in úsáid ar bhealaí úra, mar shampla, is mar stiúideo scannánaíochta a bhíonn an seanseomra péinteála in úsáid in amanna.

Mar rang, déan suirbhé lena fháil amach cé na saoráidí ba mhaith le daoine a fheiceáil sa Cheathrú Titanic. Úsáid TFC le torthaí an tsuirbhé a chur i láthair. Spreag na páistí le bheith ag obair i ngrúpaí le foirgneamh a dhearadh do Cheathrú Titanic an lae inniu. Mínigh dóibh gur chóir go mbeadh feidhm nua-aimseartha lena ndearadh ach go gcaithfidh gné stairiúil a bheith ann chomh maith. Spreag na daltaí le bróisiúr a chruthú chun an foirgneamh a fhógairt do thurasóirí. Cum agus comhaontaigh critéir ratha dá ndearadh. Meas na bróisiúir éagsúla de réir na gcritéar ratha.

Úsáid TFC lena ndearadh agus a bhfógra a chur i láthair. Úsáid straitéis amhail **Poncvótáil*** leis an dearadh is fearr a roghnú bunaithe ar na critéir ratha.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc le haghaidh Eochairchéimeanna 1 & 2

Gníomhaíocht a Seacht
Cnoc Oighir Amach Romhainn!

Le go mbeidh baint ag an eolaíocht le cúrsaí an lae inniu, úsáideann *Primary Upd8* cumhacht na tráthúlachta. Bíonn ábhar eolaíochta spéisiúil ar an nuacht gach lá. Na gníomhaíochtaí tarraingteacha seo a leanas, fágann siad go mbíonn uaspháirtíocht ann agus cruthaíonn siad ceangal leis an churaclam.

Seachas gan ach iniúchadh a dhéanamh ar chineálacha agus airíonna éagsúla uisce agus ar na hathruithe a tharlaíonn sa timthriall uisce, fágann an ghníomhaíocht idirghníomhach seo go mbíonn deis ag foghlaimeoirí fiosrú a dhéanamh tríd an cheannlíne nuachta 'Cnoc Oighear Romhainn'.

Téigh chuig www.nicurriculum.org.uk, íoslódáil an ghníomhaíocht agus nótaí múinteora trí nascleanúint go dtí Eochairchéimeanna 1 agus 2; Réimsí Foghlama; An Domhan Thart Orainn; Primary Upd8; Cnoc Oighir Romhainn.

Iarr ar pháistí bheith ag smaoineamh ar an fhrása 'Barr an Chnoic Oighir'. Úsáidtear é seo de ghnáth le cur síos ar dheacracht mar ar mó iad na fadhbanna faoi cheilt ná na cinn fhollasacha.







© Cóipcheart *Primary Upd8.* Is comhfhiontar é Primary upd8 ón Association for Science Education agus an Centre for Science Education, Sheffield Hallam University. Úsáidtear é le caoinchead.

Roinn

Dobháite? 02

Gníomhaíocht a hOcht
Rudaí Inbháite á Sainaithint

Cé na rudaí coitianta a shnámhfaidh ar uisce? Cé acu a rachaidh go tóin poill?

Cé na tosca a théann i bhfeidhm ar an dóigh a snámhann rud?

Cad chuige a rachaidh biorán ordóige go tóin poill nuair a shnámhfaidh tancaer?

Spriocanna Molta Foghlama

Déanfaidh páistí na rudaí seo a leanas:

- foghlaimeoidh siad an dóigh a mbaineann airíonna ábhar leis an bhealach a n-úsáidtear iad;
- déanfaidh siad smaointe a roinnt agus a mheas ag úsáid fianaise le tuairimí a chosaint, (Cum); agus
- déanfaidh siad tuartha agus tabharfaidh siad fáthanna bunaithe ar eolas agus ar thuiscint eolaíoch. (SS&AP)

Gníomhaíochtaí Molta Foghlama agus Teagaisc

Roinn na páistí ina ngrúpaí. Tabhair nóiméad amháin do na grúpaí liosta a dhéanamh de na hábhair a ndearnadh báid astu riamh anall, an lá atá inniu ann san áireamh. Pléigh na moltaí mar rang agus na fáthanna a n-úsáidfí na hábhair seo.

Bailigh rudaí coitiana éagsúla, cuid acu déanta as ábair tógála loinge a tháinig chun cinn sa phlé. Ar na rudaí samplacha bheadh: peann luaidhe, rubar, tairne, bréagán folcadáin, fáiscín páipéir, liathróid rubair, liathróid leadóg bhoird, úll agus tuáille páipéir.

Iarr ar na páistí tuartha a dhéanamh do gach earra ag brath ar cé acu a shíleann siad go snámhfaidh siad nó go rachaidh siad go tóin poill agus taifead a gcuid tuartha. Tabhair báisín uisce do gach grúpa. Bíodh am go leor ag na grúpaí na fiosrúcháin acu a chríochnú agus a gcuid torthaí a thaifeadadh agus a chur i láthair.

Pléigh tuartha. Spreag na páistí ceisteanna a mheas, mar shampla, 'Cad chuige a ndeachaigh an fáiscín páipéir go tóin poill nuair a shnámhfaidh tancaer ollmhór?' Iarr ar pháistí tosca a lua a rachadh i bhfeidhm ar shnámh agus ar bhá.

Gníomhaíocht a Naoi
Ar Snámh Thart

Cad chuige a snámhann liathróid leadóige?

Cad chuige a dtéann meall créafóige go tóin poill?

Cad é mar is féidir an meachan céanna de chréafóg a chur ar snámh?

Spriocanna Molta Foghlama

Déanfaidh na páistí na rudaí seo a leanas:

- foghlaimeoidh siad an dóigh a mbaineann airíonna ábhar leis an bhealach a n-úsáidtear iad;
- luafaidh siad dóigheanna le tástáil chothrom a chnntiú, ag sainaithint na rudaí is cóir a athrú, a thomhas agus a choinneáil mar an gcéanna (SS agus AP); agus
- déanfaidh siad an rud atá déanta a anailísiú agus a mheas i dtaca leis an dearadh bunaidh de (SS&AP).

Gníomhaíochtaí Molta Foghlama agus Teagaisc

De dhíth ar gach grúpa beidh coimeádán mór trédhearcach, amhail umar éisc nó a mhacasamhail, atá mór go leor le go snámhfaidh liathróid leadóige air. Taispeáin liathróid leadóige don rang agus iarr orthu moltaí agus fáthanna a chur chun tosaigh ar cé acu a shnámhfaidh sí nó nach snámhfaidh. Léirigh don rang go snámhann sí agus go bhfillfidh sí ar an dromchla má bhrúitear é faoin uisce, fiú. Lig do na páistí é a dhéanamh le liathróid leadóige ionas go dtig leo féin é a mhothú.

Roinn an rang ina ngrúpaí agus taispeáin meall créafóige dóibh. Pléadh gach grúpa cé acu a shnámhfaidh sé nó a rachaidh sé go tóin poill. Pléigh cad chuige a rachadh sé go tóin poill, mar gheall ar a mheachan, mar shampla. Tabhair meall créafóige do gach grúpa. Bíodh gach meall créafóige mar an gcéanna ó thaobh méachain agus méide de agus ba chóir go mbeadh siad uile intuargainte agus gan a bheith tirim go fóill. Lig do gach grúpa a dteoiric a thástáil maidir le cé acu a shnámhfaidh an meall créafóige nó a rachaidh sé go tóin an umair. I ndiaidh dóibh a fháil amach go rachaidh an meall créafóige go tóin an umair, tabhair a ndúshlán an meall a chur ar snámh. Tóg grianghraif de smaointe agus de mholtaí na ngrúpaí agus fiosraigh an dtiocfaidh gach tuar faoin tairngreacht.

I ndiaidh an fhiosrúcháin, féadann grúpaí grianghraif a gcuid oibre a shórtáil agus a anótáil. Iarr orthu a mhíniú cad chuige a snámhann an meall créafóige nuair a athraítear a chruth cé go bhfanann a mhais (meachan) mar an gcéanna.

Tabhair créafóg do gach páiste lena bhád féin a dhéanamh. Agus an chréafóg fliuch go fóill, is féidir leo bioráin adhmaid, cipíní líreacáin, páipéar, éadach nó aon ábhair chuí eile a úsáid le seoltaí agus crainn a chur ar na báid. Lig do na báid triomú san aer. Agus iad triomaithe, is féidir iad a mhaisiú agus a ainmniú, mar a bheadh fíorbháid iontu.

Gníomhaíocht a Deich
Torthaí ar Snámh

An snámhfaidh líomóid/oráiste – cén dóigh a dtabharfaimid air dul go tóin?

An dtig linn míniú a thabhairt ar cén fáth a snámhfaidh an toradh a bhfuil craiceann air?

Spriocanna Molta Foghlama

Déanfaidh na páistí na rudaí seo a leanas:

- foghlaimeoidh siad an dóigh a mbaineann airíonna ábhar leis an bhealach a n-úsáidtear iad;
- déanfaidh siad smaointe a roinnt agus a mheas (Cum); agus
- déanfaidh siad cinntí a mheas agus a chosaint [SS&AP].

Gníomhaíochtaí Molta Foghlama agus Teagaisc

Roinn an rang ina ngrúpaí de thríur nó de cheathrar. Tabhair mias mhór d'uisce agus líomóid nó oráiste do gach grúpa. Is féidir an fiosrúchán a dhéanamh ar oráistí agus líomóidí difriúla seachas ar chineál amháin. Iarr ar na páistí tuar a dhéanamh ar cé acu a shnámhfaidh an toradh nó a rachaidh sé go tóin. Iarr ar na grúpaí an toradh a chur san uisce agus an rud a tharlaíonn a thaifeadadh. D'fhéadfaí grianghraif a ghlacadh den fhiosrúchán ar mhaithe le cúrsaí taifeadta. Nuair a shnámhann an toradh, pléigh na fáthanna a d'fhéadfadh a bheith leis seo leis an rang.

Tabhair dúshlán an ranga é a thabhairt ar an toradh dul go tóin dá dheoin féin. Bíodh am go leor acu an dóigh a ndéanfaí é seo a fhiosrú. Ba chóir do na grúpaí gach ar tharla san imscrúdú a tharraingt, a lipéadú agus a thaifeadadh. Iarr ar an rang an fáth a síleann siad go ndeachaigh an toradh go tóin a mhíniú.

Nótáil:
Má bhaintear an craiceann den toradh rachaidh sé go tóin poill. Tá na boilgeoga aeir sa chraiceann bainte ar shiúl. Is dlúithe an toradh anois agus rachaidh sé go tóin mar sin.

Gníomhaíocht a hAon Déag
Dúshlán Coimeádáin

Cén dóigh a mbíonn lastaí móra á n-iompar ag longa?

An dtig linn tástáil chothrom a dhearadh agus a dhéanamh?

Cad é mar is féidir linn na dearthaí againn a athrú agus a fheabhsú?

Cad é atá foghlamtha againn faoi mheáchan a bheith á iompar ar longa?

Spriocanna Molta Foghlama

Déanfaidh na páistí na rudaí seo a leanas:

- foghlaimeoidh siad an dóigh ar athraigh dul chun cinn sa teicneolaíocht na modhanna taistil againn; agus
- beidh siad ábalta tuar, tástáil, breathnú agus réasúnú a dhéanamh (SS&AP).

Gníomhaíochtaí Molta Foghlama agus Teagaisc

Tabhair pictiúir de thancaeraí, de bháid fharantóireachta carranna, agus de lastlonga móra don rang. Pléigh an dóigh a snámhfadh siad. Meabhraigh na rudaí beaga a d'úsáid siad i nGníomhaíocht 8 (Rudaí Inbháite á Sainaithint), agus a chonaic siad ag bá, don rang. Mínigh go mbeidh na grúpaí ag déanamh tástála ar chabhail bháid lena fháil amach an dtig leo an lasta atá á iompar aici a fheabhsú. Mínigh go mbeidh tástáil chothrom ar bun ag na grúpaí. Pléigh an dóigh a ndéanfaí tástáil chothrom (caithfidh cabhlacha a bheith ar cóimhéid agus caithfidh an méid céanna de scragall stáin a bheith iontu le go mbeidh tástáil chothrom ann).

Tabhair dúshlán na bpáistí dhá chabhail bháid a dhéanamh as scragall stáin. Cuirfidh siad lasta de mhirlíní (nó rudaí beaga eile atá ar fáil) atá comhionann ó thaobh méide agus meáchain de isteach sa bhád go dté sé go tóin poill. Úsáidfidh siad píosaí d'adhmad balsa le ranna a chur sa bhád eile. Déanfaidh siad tástáil ansin ar bhealaí éagsúla le hualach a chur sna ranna lena fháil amach cad é an dóigh is fearr le méid an lasta a rachaidh isteach sa chabhail a fheabhsú. Bíodh am go leor ag na páistí an t-imscrúdú a dhéanamh agus a gcuid torthaí a thaifeadadh.

Pléigh cad é a tharlaíonn nuair a roinntear an chabhail ina ranna. Ba chóir go ndéanfadh na grúpaí iarracht é a mholadh cad é an áit is fearr leis an lasta a chur. Déanadh siad imscrúdú lena fháil amach cá mhéad lasta sa bhreis is féidir leis an chabhail a iompar. Spreag iad ceisteanna dá gcuid féin a chur le haghaidh imscrúdaithe.

Gníomhaíocht a Dó Dhéag
Ar Snámh ar an Mhuir Mharbh

Cá bhfuil an Mhuir Mharbh?

Rudaí a théann go tóin poill de ghnáth, cad chuige a snámhann siad anseo?

Cén dóigh a dtig linn a chruthú gur troime sáile ná fionnuisce?

Spriocanna Molta Foghlama

Déanfaidh na páistí na rudaí seo a leanas:

- foghlaimeoidh siad faoi éagsúlacht rudaí beo agus na dálaí atá riachtanach le go bhfásfaidh siad agus go mairfidh siad;
- beidh siad ábalta cur isteach ábhartha a bheith acu i ndíospóireachtaí (Cum);
- úsáidfidh siad TFC le taighde a dhéanamh ar eolas, lena roghnú agus lena chur in eagar (ÚTFC); agus
- beidh siad ábalta imscrúdú a phlé agus a dhearadh (SS&AP)

Gníomhaíochtaí Molta Foghlama agus Teagaisc

Roinn an rang ina ngrúpaí beaga. Déanadh gach grúpa taighde ar an Mhuir Mharbh. Ba chóir go socródh na grúpaí tréithe cuí dá dtaighde, tréithe amhail teocht, suíomh, gnáthóg d'ainmhithe agus méid an tsalainn. Ba chóir na grúpaí a spreagadh le híomhánna den Mhuir Mharbh a aimsiú.

Rudaí a rachadh go tóin poill i bhfarraigí eile, pléigh an dóigh a snámhfadh siad ar an Mhuir Mharbh. Iarr na fáthanna a d'fhéadfadh a bheith leis seo ar na grúpaí. Tabhair dúshlán na bpáistí imscrúdú simplí a dhearadh chun é seo a chruthú. Is féidir ábhair a thabhairt do na grúpaí le plé a spreagadh agus le himscrúduithe a dhearadh.

Ba chóir go measfadh gach grúpa iad seo a leanas:

- An cheist atá siad a iarraidh;
- Cad é ba mhian leo a chruthú;
- An dóigh a gcruthóidh siad a bhfreagra;
- Dearadh an imscrúdaithe;
- Na torthaí a thaifeadadh;
- Tátail agus anailísiú na dtorthaí.
-

Ba chóir na páistí a spreagadh le tástálacha/ imscrúduithe dá gcuid féin a chumadh. De rogha air sin, d'fhéadfaí ceann amháin nó an dá cheann de na himscrúduithe thíos a úsáid.

Nótáil:
Tá méid iontach mór salainn sa Mhuir Mharbh. Is troime sáile ná fionnuisce agus, mar sin de, rudaí nach snámhfaidh ar fhionnuisce, tig leo snámh ar an Mhuir Mharbh.

Uibheacha salannacha
Tabhair na rudaí seo a leanas do gach grúpa;
- Dhá ubh;
- Dhá choimeádán ina bhfuil uisce te;
- Salann.

Cuir go leor spúnóg lán de shalann isteach i gcoimeádán amháin; corraigh lena thuaslagadh. Nuair a chuirtear na huibheacha sna coimeádáin snámhfaidh an ubh sa cheann ina bhfuil an salann –rachaidh sí go tóin an choimeádáin eile. Is é is cúis leis seo ná gur dlúithe sáile ná uisce buacaire/ fionnuisce sa dóigh nach gcaithfidh meáchan na huibhe a oiread uisce a bhrú ar shiúl le spás a dhéanamh di féin agus snámhann sí dá bharr.

Uisce Daite
Tabhair na rudaí seo a leanas do gach grúpa:
- Salann tábla;
- Dhá chupán plaistigh thrédhearcacha;
- Spúnóg;
- Uisce buacaire (te);
- Dathú bia;
- Coimeádán mór (mar shampla, gloine phionta).

Doirt an méid céanna d'uisce te isteach sna cupáin phlaistigh. Cuir ceithre nó cúig spúnóg bhoird de shalann i gcupán amháin agus corraigh é go dtuaslaga sé. Doirt é seo isteach sa ghloine phionta. Cuir trí bhraon de dhathú bia sa chupán plaistigh eile d'uisce te agus corraigh é lena mheascadh. Doirt an t-uisce daite go mall isteach sa ghloine phionta. Tóg d'am leis seo a dhéanamh. Lig don mheascán bheith ina shuí go ceann tamaill agus breathnaigh cad é a tharlóidh. Mínigh cad é a chruthaíonn an t-imscrúdú seo.

Úsáid ceamara digiteach nó fístaifeadán leis na céimeanna san imscrúdú a thaifeadadh. Cruthaigh stiallchartún leis na grianghraif agus cuir ceannscríbhinn le gach grianghraf lena mhíniú cad é atá ag tarlú.

Gníomhaíocht a Trí Déag
Ardaigh na raftaí
Dúshlán Mór na Raftaí

Cén dóigh a dtig linn píosa ábhair a chur ar snámh?

Cé na rudaí coitianta a chruthóidh snámhacht lena chur ar snámh?

An dtig linn rafta simplí a dhearadh leis na hábhair seo?

An iompróidh sé meáchan?

Spriocanna Molta Foghlama

Déanfaidh páistí na rudaí seo a leanas:

- foghlaimeoidh siad an dóigh a mbaineann úsáid ábhar leis na hairíonna acu;
- úsáidfaidh siad réasúnú le tuairim a chosaint (Cum);
- úsáidfidh siad TFC le sonraí a thaifeadadh agus a chur i láthair (ÚMata, ÚTFC); agus
- déanfaidh siad tuartha agus tabharfaidh siad fáthanna bunaithe ar eolas agus ar thuiscint eolaíoch (SS&CP).

Gníomhaíochtaí Molta Foghlama agus Teagaisc

Roinn an rang ina ngrúpaí beaga. Tabhair píosa d'ábhar cothrom a rachaidh go tóin poill do na páistí, til bheag, mar shampla, nó píosa cothrom de phlaisteach cearnógach nó dronuilleogach. Is dea-smaoineamh é an t-ábhar inbháite a thugann tú do na páistí a thástáil roimh ré lena chinntiú gur féidir é a chur ar snámh. Tabhair dúshlán na bpáistí rafta a dhearadh as ábhair choitianta a athróidh an t-ábhar seo ina shoitheach ar snámh. Tabhair áiseanna éagsúla snámhachta dóibh, áiseanna amhail buidéil phlaistigh, liathróidí leadóg bhoird, balúin (neamhtheannta) nó caipíní cithfholctha. Chomh maith leis sin, tabhair rudaí nach gcruthóidh snámhacht dóibh sa dóigh go dtig leis na páistí na torthaí a thástáil.

Is féidir caipín cithfholctha a líonadh le liathróidí leadóg bhoird. Cruthóidh sé seo áis snámhachta nuair a chuirtear bun os cionn in uisce é. Seans go mbeidh sé doiligh ag na páistí na háiseanna a cheangal dá chéile; tabhair sreang agus téip insliúcháin srl. dóibh. Bíodh am go leor ag na páistí dearadh an tsoithigh acu a chruthú – is féidir go n-athróidh siad na dearthaí bunaidh acu le snámhacht nó méid an mheáchain a iompróidh siad a fheabhsú. Ba chóir dóibh modhanna traidisiúnta nó digiteacha a úsáid lena gcuid oibre uile a thaifeadadh. Ba chóir iad a spreagadh a gcuid oibre a phlé i ngrúpaí beaga agus í a chur i láthair an ranga.

Roinn



An Fhoghlaim á Nascadh 03

Na hEalaíona

Ceol
Ligeann páistí orthu féin gur oibrithe iad i longchlós Harland & Wolff. Pléigh na fuaimeanna a bhí á ndéanamh agus an long á tógáil. Fiosraigh dóigheanna ar féidir na fuaimeanna a athchruthú le gléasanna ceoil (mar shampla, athchruthaigh fuaim na gcasúr nó seamanna á gcur i miotal). D'fhéadfaí fuaim séideadh adharc ar longa agus fuaim seamanna á gcur i miotal a fhiosrú chomh maith. Le smaointe eile a fháil, gabh chuig an phacáiste More Musical Mysteries, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BBC Northern Ireland Schools in Learning Areas; The Arts.

Ealaín agus Dearadh
Déan taighde ar na dóigheanna ar chuir ealaíontóirí agus dearthóirí an fharraige agus longa i láthair thar am agus in áiteanna éagsúla. D'fhéadfadh na páistí, mar shampla, díriú ar na póstaeir thaistil a bhíodh in úsáid sna 1920í agus 1930í le longa paisinéirí a fhógairt. Fiosraigh an dóigh ar féidir na stíleanna "ciumhaise crua" céanna a dhéanamh ag baint úsáide as cruthanna páipéir ghearrtha.

Déan taighde ar obair Kenneth Shoesmith, ealaíontóir cáiliúil, a bhíodh ag obair don chomhlacht White Funnel Line agus a bhfuil a shaothar agus a thaifid in Iarsmalann Uladh.

Amharc ar na dathanna a úsáideadh sna pictiúir éagsúla den fharraige. Amharc ar Shoesmith, pictiúir 'linn snámha' David Hockney, pictiúir J.M.W Turner, "The Great Wave" le Hokusai. Cén dóigh a léiríonn dath na farraige na dalaí aimsire? Cé na gnéithe eile sna pictiúir a léiríonn na dálaí aimsire?

Amharc ar ghrafaicí agus léiriúcháin ar léarscáil na farraige. Cruthaigh léarscáil a thaispeánfaidh an muirbhealach a bhí beartaithe don Titanic. Fiosraigh dóigheanna le cuma aosta a chur ar an léarscáil.

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

In Am Ciorcail, imir 'Athraigh Áit' do dhuine ar bith:
- a thaistil riamh ó Éirinn go Nua-Eabhrac;
- a bhí ar long chúrsála;
- ag a bhfuil gaol a thaistil go Nua-Eabhrac ó Éirinn;
- a chuala scéalta teaghlaigh faoi ghaolta a raibh baint acu leis an Titanic;
- ag a bhfuil gaolta sa teaghlach a chuaigh le cónaí i Meiriceá i bhfad ó shin.

Faisnéis á roinnt:
Sainaithin grúpaí de thriúr agus iad ina suí thart ar an chiorcal. Iarr orthu na cineálacha difriúla daoine ar an Titanic a shainaithint, mar shampla daoine saibhre, daoine bochta agus an criú. Iarr orthu trí dhóigh a raibh siad uile mar a gcéanna agus trí dhóigh a raibh siad uile difriúil lena chéile a phlé agus a chomhaontú.

De rogha air sin, iarr orthu plé a dhéanamh ar an chaidreamh a bheadh ag na daoine ar an Titanic taobh istigh de na grúpaí a sainaithníodh agus leis na grúpaí eile. Úsáid focail le cur síos ar an chaidreamh, ag úsáid fianaise óna gcuid staidéir go dtí seo. De réir mar a bhíonn a gcuid staidéir ag forbairt, iarr orthu amharc ar na focail arís agus iad a athrú dá réir.

Cuir béim ar a thábhachtaí atá sé go n-athróidh tú d'intinn de réir mar a fhoghlaimíonn tú níos mó faoi chás agus a thábhachtaí atá sé go bhfoghlaimeoidh tú a oiread agus is féidir le go mbeidh do mheas chomh cruinn beacht agus is féidir. Luaigh nach féidir a bheith céad faoin chéad cinnte cionn is nach féidir do thuairimí a fhíorú leo siúd a bhí páirteach ann.

Ciorcal á Dhruidim:
Sa chiorcal, iarr ar gach duine tamhan na habairte seo a leanas a chomhlánú:
"Rud éigin nár smaoinigh mé riamh air atá foghlamtha anois agam ..."

Tapaigh an deis iad a phlé:
Steiréitíopaí:
Ráitis amhail 'Paisinéirí den chéad ghrád/tríú grád.....' Tapaigh gach deis dúshlán a chur faoi ráitis steiréitípiciúla a deir daltaí nó a léann tú, a fheiceann tú nó a chluineann tú, trí cheisteanna a chur orthu amhail:
An bhfuil aon fhianaise agat leis sin a rá? (Is fearr fíorfhianaise).
An fíor seo do gach duine, mar shampla, den aicme shóisialta sin?
An dtig le héinne sampla difriúil a léiríonn dearcadh eile a thabhairt dom?

Claontacht:
Tabhair dúshlán aon 'tuairim nó mothúchán neamhfhabhrach a foirmíodh roimh ré gan eolas, smaoineamh nó réasún' (Arna chur in oiriúint as Diversity Dictionary lch. 91 in Joined Up: Developing Good Relations in the School Community le Mary Potter agus Nichola Lynagh agus atá ar fáil ar líne ag www.nicurriculum.org.uk sa roinn PD&MU agus ag leanúint Useful Links). Mar shampla, pléigh aon samplaí de chlaontacht idir grúpaí paisinéirí ar léigh sibh fúthu nó aon rud a déarfadh daltaí nó daoine eile le linn plé.

Leithcheal:
Is claontacht i bhfeidhm é seo agus is drochíde nó gníomh éagórach é ar dhuine nó ar ghrúpa daoine agus déantar idirdhealú idir grúpa amháin agus grúpa eile. (Is féidir sainmhíniú iomlán a fháil san áis a ndéantar tagairt di thuas). Mar shampla, an bhfuil aon fhianaise ar fáil go raibh leithcheal ann ar bord an Titanic?

Ábhair eile le plé:
Cothromaíocht; cóir; agus róil agus freagrachtaí.

Cluichí Parasúiteacha:
1. Ullmhaigh cártaí le cúil ghreamaitheacha ar a bhfuil uimhreacha 1, 2 nó 3 le trí ghrúpa chothroma a chruthú. Roghnaíodh gach dalta agus duine fásta sa rang cárta, greamaíodh siad dá gcuid éadaí iad agus spréadh siad thart ar chiumhas an pharaisiúit iad in ord 1, 2 agus 3. Cuir béim ar an dóchas agus ar an tnúthánach, ar na sceitimíní agus an callán a bhaineann le daoine ag teacht ar bord. Mínigh gur criú iad

na daoine le huimhir 1; gur paisinéirí den chéad ghrád iad uimhir 2; agus gur paisinéirí den tríú grád iad uimhir 3. Cuireadh gach duine an paraisiút ar foluain suas agus anuas go callánach. Ar chomhartha roghnaithe, coinníodh an criú an paraisiút ar foluain agus bogadh na paisinéirí den tríú agus den chéad ghrád isteach go dtí an lár mar a mbíonn siad ag rith thart agus iad ar a n-airdeall gan dul róchóngarach do dhuine de ghrád difriúil. Ar chomhartha roghnaithe, filleadh na paisinéirí ar chiumhas an pharaisiúit agus ritheadh an criú isteach sa lár agus a róil éagsúla á léiriú acu i rith an ama, mar shampla ag stócáil na gcoirí; ag iompar tráidirí bia; ag fáiltiú roimh aíonna; nó ag iompar málaí taistil.

2. Tabhair na cártaí uimhrithe do dhaoine difriúla an iarraidh seo agus seasadh gach duine thart ar chiumhas an pharaisiúit san ord: 1, 2, 3. Ar chomhartha roghnaithe, tagadh uimhreacha 2 isteach agus léiríodh siad an tuiscint acu ar dhamhsa bálseomra; ansin tabhair comhartha dóibh filleadh ar an chiumhas. Ar chomhartha eile, téadh uimhreacha 3 isteach sa lár agus léiríodh siad an tuiscint acu ar dhamhsa Gaelach nó Albanach. Ar deireadh, filleadh uimhreacha 3 ar an chiumhas agus léiríodh uimhreacha 1 a róil mar chriú trí shraith céimeanna a dhéanamh.

3. Cuir béim ar an chiúnas de réir mar a tuigeadh do na paisinéirí cad é a bhí ag titim amach agus go raibh an long ag dul go tóin poill. Beireadh gach duine greim ar chiumhas an pharaisiúit agus é á chroitheadh go mall socair acu gan aon challán a thógáil. Cruthaigh an radharc de na báid tarrthála á líonadh. Iarr ar na daltaí rogha a dhéanamh cé acu a fhanfaidh siad nó a rachaidh siad. Ar chomhartha roghnaithe, téann na daoine a roghnaíonn dul go ciúin gasta ón chiumhas go dtí an taobh eile agus amach as an chiorcal. Léirigh arís go dtig le grúpa eile an rogha a dhéanamh. Nuair nach mbíonn fágtha ach an líon is lú daoine leis an pharaisiút a choinneáil ar foluain, iarr orthu seasamh siar agus amharc ar an pharaisiút ag titim go talamh.

Corpoideachas

Tarrtháil Paisinéirí
Ábhair Atá De Dhíth: Trí húla-húp do gach foireann agus cóin don líne thosaithe agus don líne chríochnaithe.

Ligeann páistí orthu féin go bhfuil siad ar bord an Titanic agus í ag dul go tóin poill. Seasadh foirne d'ochtar páistí (nó paisinéirí) ina línte taobh thiar den líne thosaithe. Tá trí húla-húp ag gach foireann agus caithfidh siad iad seo a chur ar an urlár le go siúlfaidh gach páiste isteach. Is iad na húla-húip na báid tarrthála– má sheasann siad taobh amuigh den húp caithfidh an fhoireann iomlán tosú arís. Ní mór do na páistí na húla-húip a úsáid leis an líne chríochnaithe a bhaint amach. Is féidir na 'báid tarrthála a thógáil agus a chur i suíomh eile leis an líne chríochnaithe a shroicheadh. Ní féidir na báid tarrthála a bhogadh ach trína dtógáil nó caithfidh an fhoireann filleadh ar an líne thosaithe.

An fhoireann a mbíonn a cuid paisinéirí uile trasna na líne tosaithe a bhainfidh.

Bíodh trí nóiméad ag gach foireann chun an straitéis leis an chluiche a imirt a phlé i ngrúpa. I ndiaidh babhta amháin, pléigh na straitéisí is fearr ar éirigh leo. Déan an tasc an dara huair lena fháil amach an dtig leis na foirne é a dhéanamh ar dhóigh is fearr i ndiaidh dóibh bheith ag éisteacht le agus ag amharc ar smaointe na ngrúpaí eile.

Matamaitic agus Uimhearthacht

Cuir tuarastail na ndaoine a bhí ag obair ar an Titanic i gcomparáid lena chéile. Déan taighde ar na poist acu. Pléigh cad chuige a measann na páistí gur fearr an tuarastal a bhí ag cuid acu ná an tuarastal a bhí ag cuid eile.

Cuir an costas maireachtála in 1912 i gcomparáid leis an chostas maireachtála sa lá atá inniu ann. Smaoinigh ar liosta de rudaí coitianta a bhí ar fáil in 1912 (mar shampla arán, nuachtáin agus prátaí). Meas cén dóigh gur cosúil go bhfuil na praghsanna iontach saor ach go raibh tuarastail na ndaoine san am i bhfad níos lú ná inniu. Is féidir go mbeidh deis ann plé a dhéanamh ar an seanchóras airgeadra sular tugadh airgeadra deachúil isteach. Úsáid an tIdirlíon le teacht ar áis a athraíonn airgeadra réamh-dheachúil ina airgead deachúil.

Pléigh an costas a bhain leis an Titanic a thógáil agus cuir é seo i gcomparáid leis an chostas a bhaineann le long cúrsála nua-aimseartha a thógáil. Tabhair faoi deara iad na comhchosúlachtaí agus na difríochtaí maidir leis na saoráidí ar gach ceann acu.

Teanga agus Litearthacht

Déan taighde ar leabhair faoin Titanic – idir fhíoras agus fhicsean.

D'fhéadfadh na páistí ról feidhmeannaigh fógraíochta a ghlacadh agus fógra a chruthú do leabhar faoin Titanic. Agus TFC in úsáid acu, thiocfadh leo fógraí a dhéanamh do na nuachtáin nó fógra raidió a chumadh le maisíochtaí fuaime. D'fhéadfadh siad script a ullmhú agus láithreoireacht díolacháin a dhéanamh ag baint úsáide as bogearraí láithreoireachta.

B'fhéidir gur mhaith leat SOS Titanic, le Eve Bunting (Harcourt Brace) a léamh sula n-úsáidfidh tú leis an rang é. Is údar áitiúil í Eve Bunting ó Mhachaire Rátha. Léigh na chéad seacht gcaibidil a dhíríonn ar an saol ar bord Titanic agus na difríochtaí idir aicmí ar bord. Aimsigh imeachtaí a thugann le fios go measann daoine gur tubaiste atá i ndán don Titanic ar a céad aistear mara. Cuir an cuntas ar na seomraí sa chéad ghrád i gcomparáid leis an stíris. Ón chur síos sna caibidil seo, cén ceann acu ab fhearr leis na páistí? Ba chóir do na páistí a bheith ag obair ina bpéirí le liosta a dhéanamh de na fáthanna ab fhearr leo a bheith i gceann amháin acu de rogha ar an cheann eile.

D'fhéadfadh páiste ligean air/uirthi féin gur eisean/ise an t-údar agus míniú a thabhairt ar cad chuige ar roghnaigh sé/sí an teideal 'SOS Titanic' don leabhar.

D'fhéadfaí sliocht as an leabhar a úsáid le dráma a chumadh. Déan taighde ar an dóigh le dráma a scríobh le treoracha stáitse, agus meas an dóigh le fearais chuí a dhéanamh.

Áiseanna

Áiseanna

www.titanicmovie.com/present Faisnéis ar scannáin lena n-áirítear íomhánna ón scannán, 'Titanic'.
www.titanicsdock.com Cuireann sé leathán faisnéise ar fáil ar an duga inar tógadh an Titanic.
www.titanicinbelfast.com Arna tháirgeadh le Daonmhúsaem agus Músaem Iompair Uladh agus tiomnaithe do stair an Titanic.
www.belfast-titanic.com Sa suíomh gréasáin Belfast Titanic Society tá faisnéis ar stair na longthógála i mBéal Feirste agus cuid de na daoine a raibh baint acu leis an Titanic. Tá faisnéis ar an Nomadic ann fosta.
www.bbc.co.uk/history/british/britain_wwone/titanic_01.shtml Leathanach dar teideal 'Sinking the Myths' – faisnéis ar an dóigh ar cuireadh síos ar an Titanic mar 'ionann is dobháite' seachas mar 'dobháite'. Cuireann sé naisc ar fáil ar shuímh sheachtracha.
www.nomadicpreservationsociety.co.uk/ Faisnéis ar longtógáil i mBéal Feirste agus ar an Nomadic.
www.gotobelfast.com Tá Belfast Visitor and Convention Bureau i ndiaidh bileog a fhoilsiú ar shuímh i mBéal Feirste a bhfuil baint acu leis an Titanic. Tá a lán picitiúr den Titanic ann. Déan nascleanúint go dtí Activities Belfast, Discover the Quarters. Is féidir an bhileog a íoslódáil ag an roinn Ceathrú Titanic.
www.titanic-whitestarships.com Cuireann sé faisnéis ar fáil ar na longa de chuid White Star Line, ag dírú ar an Titanic.
www.marine.ie Le faisnéis ar bhá an Titanic a fháil, lean na naisc seo a leanas taobh istigh den suíomh; • Events & Outreach/Education • Lesson Plans • Energy and Forces
www.titanicquater.com Suíomh gréasáin ar fhorbairt Ceathrú Titanic, a thaispeánann an dóigh a léireoidh sé stair agus carachtar Bhéal Feirste. San áireamh ann tá amlíne idirghníomhach ó 1785 – 2012 chomh maith le léarscáil idirghníomhach agus ceamara gréasáin den Cheathrú Titanic.
www.belfastcity.gov.uk/titanic Reáchtálann Comhairle Cathrach Bhéal Feirste féile 'Titanic Made in Belfast' gach bliain.

BBC Northern Ireland Schools
Raidió: Today & Yesterday in Northern Ireland
An Titanic RH 0735, RH 0736, RH 0737 (Ar fáil trí SELB Schools A/V Recording Service).
Tá Nótaí Múinteoirí ar fáil ag www.bbc.co.uk/northernireland/schools/4_11/tandy/teachers.shtml
Lean na naisc chuig 'Today and Yesterday' nótaí múinteoirí 2000 – 2006.

More Musical Mysteries
Clár 8: Pack Up Your Troubles (Ar fáil trí SELB Schools A/V Recording Service).

Ábhar Léitheoireachta
SOS Titanic, le Eve Bunting (Harcourt Brace & Company) ISBN 0-15-200271-5
Tugann sé fíormhothú ar an aicmíocht dhaingean ar bord an Titanic.

Níl an CCMS freagrach nó faoi dhliteanas mar gheall ar aon ábhar a sholáthraíonn aon cheann de na suímh ghréasáin nasctha nó atá ar fáil iontu agus ní thacaímid scun scan leis na tuairimí a chuirtear in iúl iontu. Ní thig linn ráthaíocht a thabhairt go n-oibreoidh na naisc seo i gcónaí agus níl aon smacht againn ar chuntasacht na leathanach nasctha.

Foilseachán de chuid © 2009

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning